



PREASEISIÚINT Uimh. 194/24

Lucsamburg, 19 Samhain 2024

Breithiúnais na Cúirte i gcásanna C-808/21 | an Coimisiún v Poblacht na Seice agus C-814/21 | an Coimisiún v An Pholainn (Incháilitheacht agus ballraíocht pháirtí polaitiúil)

Saoránacht an Aontais Eorpach: sáraíonn diúltú an chirt chun ballraíocht a ghlacadh i bpáirtí polaitíochta do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad dlí an Aontais

Trí cheanglas náisiúntachta den sórt sin a fhorchur, ní dhéanann Poblacht na Seice agus an Pholainn cóir chomhionann a áirithiú dá náisiúnaigh maidir le feidhmiú éifeachtach an chirt chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus Eorpacha

Tugann dlí an Aontais an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad. Ceanglaítear le feidhmiú éifeachtach an chirt sin go mbeidh rochtain chomhionann ag na saoránaigh ar na modhanna atá ar fáil do náisiúnaigh an Bhallstáit sin chun an ceart sin a fheidhmiú go héifeachtach. Ós rud é go gcuireann comhaltas i bpáirtí polaitiúil go mór le feidhmiú na cearta toghchánacha a dheonaítear le dlí an Aontais, mheas an Chúirt Bhreithiúnas gur sháraigh Poblacht na Seice agus an Pholainn an ceart sin trí dhiúltú an chirt chun ballraíocht a ghlacadh i bpáirtí polaitíochta do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad. Níl a mballraíocht i bpáirtí polaitiúil de chineál go mbaintear an bonn d'fhéiniúlacht náisiúnta Poblacht na Seice nó na Polainne

Tugann reachtaíocht na Seice agus na Polainne an ceart chun bheith ina gcomhaltaí de pháirtí polaitiúil do náisiúnaigh amháin. Dá bhrí sin, de réir an Choimisiúin Eorpach, ní féidir le saoránaigh den Aontas a chónaíonn i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad a gcearta chun seasaimh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus i dtoghcháin Eorpacha a fheidhmiú, arna chumhdach i ndlí an Aontais, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh na Seice agus na Polainne.

Ós rud é gur éagsúlacht sa chóir bunaithe ar náisiúntacht é diúltú den sórt sin, atá toirmiscthe faoi dhlí an Aontais ¹, tharchuir an Coimisiún an dá chás um shárú i gcoinne Poblacht na Seice agus an Pholainn faoi seach chuig an gCúirt Bhreithiúnais ².

Seasann an Chúirt leis an gcaingean agus sainaithníonn sí mainneachtain an dá Bhallstát sin na hoibleagáidí atá orthu de réir na conarthaí a chomhlíonadh.

Tugann sí faoi deara **go gceanglaítear le feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha i dtoghcháin bhardasacha agus Eorpacha**, a ráthaítear le dlí an Aontais, **go mbeadh rochtain chomhionann ag saoránaigh an Aontais atá cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ar na modhanna atá ar fáil do náisiúnaigh an Bhallstáit sin chun na cearta céanna a fheidhmiú go héifeachtach.**

Tá ról ríthábhachtach ag na páirtithe polaitiúla i gcóras an daonlathais ionadaíoch, lena léirítear luach an daonlathais ar a bhfuil an tAontas bunaithe ach go háirithe. Dá bhrí sin, **cuireann an toirmeasc a bheith ar pháirtí**

polaitiúla saoránaigh an Aontais i gcás nach bhfuil chomh buntáisteach le náisiúnaigh na Seice agus na Polainne maidir le seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus Eorpacha. Go deimhin, cumasófar toghcháin Eorpacha leis an bhforas gur féidir leo bheith ina mbaill de pháirtí polaitiúla ag a bhfuil struchtúir eagraíochtúla agus acmhainní daonna, riaracháin agus airgeadais acu chun tacú lena n-iarratais. Thairis sin, is ceann de na critéir lena dtreoraítear rogha vótálaithe é comhaltas de pháirtí polaitiúla.

Ní féidir údar a thabhairt leis an difríocht sa chóir sin, atá toirmiscithe faoi dhlí an Aontais, ar chúiseanna maidir le hurramú féiniúlacht náisiúnta. Go deimhin, ní cheanglaítear le dlí an Aontais ar na Ballstáit an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin náisiúnta a dheonú do shaoránaigh an Aontais lena mbaineann nó ní chuirtear bac orthu teorainn a chur le ról na saoránaigh i bpáirtí polaitiúla i gcomhthéacs na dtoghchán sin.

NÓTA: Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann réitigh leis an mbreithiúnas a luaite is féidir. I gcás ina measann an Coimisiún nár réitigh an Ballstát leis an mbreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg pionóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasúitear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ([C-808/21](#), [C-814/21](#)) ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Airteagal 22 CFAE, lena bhforáiltear go bhfuil an ceart ag gach saoránach an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad vótáil agus an ceart seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina bhfuil siad ina gcónaí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

² Cumhdaíonn an chaingean arna thabhairt i gcoinne Poblacht na Seice an toirmeasc a bheith ina chomhalta de ghluaiseacht pholaitiúil a fhorchuirtear ar shaoránaigh an Aontais atá cónaí orthu sa Bhallstát sin agus nach bhfuil a náisiúntacht acu.